C/2023/790

9.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11341 – BFM / SP / BRASOL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/790)

1. An 30 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BlackRock Financial Management, Inc. ('BFM', Stáit Aontaithe Mheiriceá), ina cháil mar bhainisteoir infheistíochta thar ceann Climate Finance Partnership Fund, SCSP ('CFP', Lucsamburg), faoi rialú BlackRock Inc. ('BlackRock, Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Siemens Participações LTDA. ('SP', an Bhrasaíl), fochuideachta ar lánúinéireacht Siemens AG ('Siemens', an Ghearmáin),

— Brasol Participações e Empreendimentos S.A. ('Brasol', an Bhrasaíl), atá faoi rialú SP faoi láthair.

Gheobhaidh BFM agus SP rialú comhpháirteach indíreach ar Brasol de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás BFM: is cuideachta bainistíochta infheistíochta é a thairgeann seirbhísí tógála punainne, bainistíochta sócmhainní, agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta,

— i gcás SP: is cuideachta sealbhaíochta é a bunaíodh sa Bhrasaíl chun críche infheistíochtaí a dhéanamh sa Bhrasaíl agus i dtíortha eile agus chun na críche sin amháin,

— i gcás Brasol: is eintiteas é atá i mbun tionscadail a bhaineann le fuinneamh a fhorbairt, a mhaoiniú, a fháil, a bhainistiú agus a dhíol sa Bhrasaíl, lena n-áirítear forbairtí gréine agus forbairtí giniúna eile, tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus tionscadail aistrithe fuinnimh, agus seirbhísí coimhdeacha fuinnimh dáilte a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11341 – BFM / SP / BRASOL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË